Le linn cuairte ar an leabharlann

- Úsáid do chárta leabharlainne i gcónaí chun leabhair a fháil ar iasacht agus áiseanna ríomhaireachta a úsáid.
- Cláraigh ag brainse nó ar leabharlann taistil amháin. Is féidir do chárta leabharlainne a úsáid ag ionad seirbhíse ar bith de chuid Leabharlann Chiarraí.
- Níl an leabharlann freagrach as sealúchas pearsanta.
- Níl iompar a théann chun dochair d'úsáideoirí eile agus d'fhoireann na leabharlainne ceadaithe.
- Ní ceadaithe páistí óga a bheith sa leabharlann gan duine ina bhfeighil.
- Balbhaigh fóin phóca agus múch seinnteoirí MP3 sula dtagann tú isteach sa leabharlann.
- Is breá le foireann na leabharlainne cabhrú leat.

Uaireanta Oscailte

Leabharlanna Thrá Lí, Chill Airne agus Lios Tuathail:
Luan go Satharn: 10.00am - 5.00pm
Máirt agus Déardaoin: 10.00am - 8.00pm

Leabharlann an Daingin
Luan go Satharn: 10.00am - 5.00pm
Déardaoin: 10.00am - 8.00pm

Leabharlanna Chathair Saidhbhín agus An Neidín
Máirt go Satharn: 10.00am - 5.00pm
Déardaoin: 10.00am - 8.00pm

Leabharlanna Eile
Máirt go Satharn: 10.00am - 5.00pm

Sonraí seo cruinn, Eanáir 2009

Osclaíonn na Leabharlanna gach Satharn seachas deireadh seachtaine saoire bainc

Tá Leabharlann id' aice...

Baile an Bhuinneánaigh	068 27615
Cathair Saidhbhín	066 9472287
Oileán Ciarraí	066 7163403
An Daingean	066 9151499
An Neidín	064 41416
Cill Airne	064 6632655
Cill Orglan	066 9761272
Lios Tuathail	068 23044
Trá Lí	066 7121200

Ar an Idirlíon

- Brabhsáil chun leabhair agus teidil leis na húdair is ansa leat a aimsiú
- Féach a bhfuil ar fáil sna naoi leabharlann agus ar an dá leabharlann taistil
- Athnuaigh iasachtaí atá amuigh agat
- Gabh isteach i mbunachair ar líne

Ní gá ach logáil isteach ar
www.kerrylibrary.ie
agus gliogáil ar 'Catalóg Leabharlainne'

Seirbhísí Leabharlainne Chiarraí a Úsáid

Leabharlann Chiarraí



Kerry Library
Enjoy the Discovery

www.kerrylibrary.ie

Tá naoi Leabharlann Bhrainse de chuid Comhairle Contae Chiarraí sa Chontae:

Baile an Bhuinneánaigh, Cathair Saidhbhín, Oileán Ciarraí, An Daingean, An Neidín, Cill Airne, Cill Orglan, Lios Tuathail, Trá Lí. Freastalaíonn dhá Leabharlann Taistil ar bhreis agus 70 áit ar fud Chiarraí chomh maith.
I gCeannáras na Leabharlainne i dTrá Lí tá Seirbhís speisialaithe Staidéar Áitiúil agus Chartlann.

Ballraíocht

Chun clárú, comhlánaigh foirm iarratais agus beir leat cruthúnas céannachta e.g. ceadúnas tiomána, bille fóntais, etc. Tá foirmeacha iarratais ar fáil ag gach leabharlann agus ar líne ag www.kerrylibrary.ie
Tá ráthóir riachtanach má tá tú faoi 18 bl.

A bhfuil ar fáil ar iasacht!

Ball sóisearach/ fásta: suas le sé rud ar feadh 3 sheachtain.

Táillí ballraíochta

Táille bhallraíochta bhliantúil de 12 euro, nó 30 cent an rud ar iasacht. Díolúine do pháistí, scoláirí dara leibhéil, agus do sheanóirí. Fíneálacha as leabhair a bheith thar téarma.

Seirbhísí áirithe sa Leabharlann Áitiúil

- Closleabhair, leabhair le cló mór
- Leabhair léitheoireachta éasca
- Nuachtáin laethúla, irisí
- Leabhair d'aosaigh agus do pháistí
- Leabhair thagartha
- Clár gníomhaíochtaí leabharlainne
- Grúpaí léitheoireachta & tacaíocht litearthachta
- Staidéir Áitiúla agus Cartlanna

An Leabharlann Taistil

- Féach www.kerrylibrary.ie/mobile.pdf

Seirbhísí ar líne

- Nuachtáin náisiúnta agus idirnáisiúnta ar fáil ar líne do bhaill via www.kerrylibrary.ie
- Saor-rochtain idirlín agus áiseanna ríomhaireachta
- *Encyclopaedia Britannica* ar líne
- Cartlann Dhigiteach an *Irish Times* 1859-1997
- Cartlann Léarscáileanna Staire na hÉireann 1820 - 1913
- Foclóir Topagrafach Éireann le Lewis, 1837
- Luacháil Uí Ghríofa 1848 – 1864
- Iarratais leabhar www.borrowbooks.ie
- Teacht ar sheirbhísí Chomhairle Contae Chiarraí, bunachar Pleanála ar líne agus Mótarcháin ar líne

Do UAP don Leabharlann

Chun Uimhir Aitheantais Phearsanta a fháil, taispeáin féin do chárta leabharlainne mar aon le cruthúnas céannachta do bhall den bhfoireann.

Is féidir uimhir ceithre dhigit ar bith a bheith mar UAP agat. Nuair a chláraítear an UAP, is féidir le baill reatha iasachtaí leabhar a athnuachan, a sonraí leabharlainne a sheiceáil agus acmhainní roghnaithe leabharlainne a usáid ar líne, gan teacht go dtí an leabharlann.

Iasachtaí leabhar a athnuachan

1. Tar tú féin ag an leabharlann áitiúil
2. Cuir glaoch fóin
3. Ar líne – www.kerrylibrary.ie
   - Gliogáil ar an deilbhín catalóige ar líne
   - Gliogáil ar shonraí iasachtaí
   - Iontráil d'uimhir chárta leabharlainne agus UAP
   - Gliogáil ar an deilbhín 'seiceáilte amach'
   - Foilsíonn sonraí leabhar ar an scáileán
   - Roghnaigh na hiasachtaí is mian leat a athnuachan trí ghliogáil sna boscaí ar an taobh chlé den scáileán
   - Gliogáil ar athnuaigh